AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.12.2022
COM(2022) 724 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le héifeachtacht chur chun feidhme na huimhreach aonair éigeandála Eorpaí ‘112’

1. RÉAMHRÁ

Déantar athbhreithniú sa tuarascáil seo ar éifeachtacht chur chun feidhme na huimhreach aonair éigeandála Eorpaí '112' i gcomhréir le hAirteagal 109(4) den Chód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach[1] (CEEC). Tá an tuarascáil bunaithe ar fhreagraí na mBallstát agus na hIorua ar an gceistneoir a cuireadh faoi[2] bhráid an Choiste Cumarsáide (COCOM)[3] maidir le cur chun feidhme na cumarsáide éigeandála agus na huimhireach éigeandála Eorpaí '112'. Ba é an bailiú sonraí sin an cúigiú cleachtadh déag dá leithéid a rinne seirbhísí an Choimisiúin ó 2007 i leith.

Faoi Airteagal 109(4) EECC, ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin 21 Nollaig 2020, agus gach dhá bhliain ina dhiaidh sin, maidir lena éifeachtaí atá cur chun feidhme na huimhreach aonair éigeandála Eorpaí '112'. Foilsíodh an chéad tuarascáil den sórt sin an 21 Nollaig 2020[4].

Bhrath an bailiú sonraí ar cheisteanna sonracha chun mheasúnú a dhéanamh ar leibhéal chur chun feidhme cheanglais dhlí AE agus ar fheabhsú na gcóras náisiúnta na bPointe Freagartha Glaonna Poiblí (PSAP). Is é an 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021 an tréimhse tuairiscithe do na sonraí cainníochtúla[5] (e.g. líon na nglaonna éigeandála ar '112'). Agus measúnú á dhéanamh ar infhaighteacht córais (e.g. úsáid réitigh, feidhmchláir suíomh glaoiteora, , etc.), léirítear an fhaisnéis is déanaí atá ar fáil sa tuarascáil seo. An 4 Aibreán, iarradh ar na Ballstáit agus ar bhreathnóirí COCOM ó thíortha is iarrthóirí agus ó thíortha LEE a gcuid freagraí a chur isteach faoin 31 Bealtaine 2022.

Iarradh ar na Ballstáit a n-uirlisí tomhais a fhorbairt chun faireachán a dhéanamh ar roinnt táscairí chun sonraí cruinne a sholáthar maidir le feidhmiú a gcóras cumarsáide éigeandála. Ar fud na tuarascála, i gcás nach bhfuil na Ballstáit luaite maidir le measúnú cáilíochtúil nó cainníochtúil, ciallaíonn sé nár soláthraíodh na sonraí ábhartha do sheirbhísí an Choimisiúin.

2. GLAONNA AR '112'

In 2021, tháinig méadú 3 % go 153 milliún ar ghlaonna chuig an uimhir aonair éigeandála Eorpach '112' i gcomparáid le 2019. Idir an dá linn, bhí líon iomlán na nglaonna éigeandála, lena n-áirítear na huimhreacha éigeandála náisiúnta,fós seasmach g 270 milliún. Ba ionann glaonna ar '112' agus 56 % de na glaonna éigeandála go léir in 2021.

[1]Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach (IO L 321, 17.12.2018, lch. 36).
[2]COCOM22-01;
[3]An Coiste Cumarsáide arna bhunú ar bhonn Airteagal 118 EECC.
[4]https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/library/2020-report-effectiveness-implementation-european-emergency-number-112
[5]Bailítear na sonraí cainníochtúla gach dara bliain, agus ní bhaineann siad ach leis an mbliain díreach roimh an tuarascáil, chun an t-ualach riaracháin ar na húdaráis tuairiscithe a mhaolú.



Léaráid 1. Líon na nglaonna ar '112'

Is é '112' an uimhir éigeandála aonair sa Danmhairg, san Eastóin, san Fhionlainn, i Málta, san Ísiltír, sa Phortaingéil, sa Rómáin agus sa tSualainn. Mar sin féin, ní dhéantar ach 23 % de na glaonna ar '112' san Aontas sna tíortha sin. Déantar tromlach na nglaonna ar '112' sna Ballstáit ina bhfuil an uimhreacha náisiúnta fós in úsáid. Sna Ballstáit sin, bíonn úsáid na huimhreach aonair éigeandála Eorpaí éagsúil den chuid is mó, ó 5 % in Éirinn go 97 % sa Bhulgáir.



Léaráid 2. Céatadán na nglaonna ar '112'

Braitheann líon na nglaonna ar '112' ar leibhéal feasachta na n-úsáideoirí deiridh ar infhaighteacht na huimhreach '112' ach freisin ar uimhreacha 'oidhreachta' náisiúnta a bheith ann freisin.

I dtíortha ina bhfuil a PSAP féin ag gach seirbhís éigeandála, ba cheart a áirithiú go ndéanfaidh an tseirbhís éigeandála is iomchuí glaonna '112' a aistriú agus a láimhseáil go héifeachtach i gcomhréir le hAirteagal 109(3) agus le hAirteagal 26 den Treoir maidir le Seirbhís Uilechoiteann roimhe seo[6]. Áirithítear le cur chun feidhme stát úrscothach na gcóras náisiúnta PSAP láimhseáil idirnasctha agus iomarcach na nglaonna '112' agus na nglaonna chuig na huimhreacha náisiúnta agus soláthar á dhéanamh do rochtain ar gach seirbhís éigeandála lena mbaineann. Leis na na córais sin ba cheart feidhm ródaithe a chur chun feidhme a bheidh oiriúnaithe don aistriú chuig cumarsáid paicéadlasctha lena n-áirithítear go an PSAP is oiriúnaí gach cumarsáid éigeandála – glaonna, cumarsáid téacsbhunaithe, físeán,

[6]Treoir 2002/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 maidir le seirbhís uilíoch agus cearta úsáideoirí i dtaca le líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí (Treoir maidir le Seirbhís Uilíoch), IO L 108, 24.4.2002, lch. 51-77.

lena n-áirítear na cinn a tháinig as soláthraithe atá neamhspleách ar líonra a sholáthraíonn seirbhísí cumarsáide leictreonaí – a láimhseáil.

Ba mhó i bhfad líon na nglaonna ó fhóin phóca ná líon na nglaonna ó fhóin líne fosaithe. Ar an meán, rinneadh 78 % de na glaonna in 2021 ó fhóin phóca. Mar sin féin, tá difríocht shuntasach idir úsáid fóin póca chun críocha cumarsáid éigeandála ar fud na mBallstát, ó 42 % i Lucsamburg agus 63 % sa Ghearmáin go 96 % sa Chipir agus 99 % i bPoblacht na Seice.

Léirítear leis an méadú atá ag teacht ar líon na bhfón póca, go háirithe fóin chliste, an tábhacht a bhaineann le rochtain ar sheirbhísí éigeandála agus daoine ag taisteal a áirithiú, go háirithe i gcomhthéacs an ascnaimh ó Éabhlóid Fhadtéarmach Ghuthaithe (VoLTE) agus Wi-Fi Guthaithe (VoWiFi). Tugtar le fios leis freisin go bhféadfadh méid na sonraí agus na ngnéithe atá ag méadú a fhaightear ón líonra agus ó shás láimhe an úsáideora deiridh cumarsáid éigeandála a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtaí (e.g. suíomh an ghlaoiteora, téacs agus físeán d'úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas, suíomh ingearach (z-ais) agus sonraí comhthéacsúla eile).

Tá difríochtaí idir an cóimheas[7] idir glaonna bréagacha agus líon iomlán na nglaonna éigeandála i measc na mBallstát[8], ag baint 76 % i Málta. Ní cheadaíonn roinnt Ballstát glaonna ó fhóin gan SIM d'fhonn an riosca a bhaineann le glaonna bréagacha lena bhféadfaí ualach a chur ar an PSAP a laghdú. Mar sin féin, tá rochtain ar sheirbhísí éigeandála ó fhóin gan SIM sainorduithe i bhformhór na mBallstát (20)[9].



Léaráid 3. Glaonna bréagacha chuig uimhreacha éigeandála (%)

Faoi Airteagal 109 CCE, féadfaidh Ballstáit sainordú a thabhairt do mhodhanna eile cumarsáide éigeandála seachas glaonna ar '112'. Tá na Ballstáit ag úsáid SMS agus cumarsáide aipbhunaithe i láthair na huaire mar mhodh malartach rochtana atá ar fáil do gach úsáideoir deiridh.

[7]Glaonna is ea glaonna bréagacha nach bhfiosraítear le hidirghabháil nó cúnamh ón PSAP nó ó na seirbhísí éigeandála. Ní mheasfar gur glaonna bréagacha iad glaonna trína dtuairiscítear teagmhas éigeandála a spreag idirghabháil nó cúnamh ó thaobh an PSAP cheana féin, agus dá bhrí sin nach spreagtar idirghabháil nó cúnamh ar leithligh.
[8]Thug 19 mBallstát faisnéis faoi ghlaonna bréagacha.
[9]AT, CY, CZ, DK, EE, EL, ES, FI, HU, IE, IT, LT, LU, LV, MT, NL, PL, PT, SE, SK.

Shainordaigh 16 Bhallstát cumarsáid éigeandála SMS- bhunaithe le haghaidh gach úsáideora deiridh[10]. In 11 Bhallstát[11] seoltar an SMS éigeandála chuig '112'. Athraíonn líon na cumarsáide éigeandála trí SMS go mór ag brath ar an leibhéal chur chun cinn an chineáil sin cumarsáide éigeandála, ó cúpla go dtí na mílte. Deimhníonn 13 Bhallstát[12] go n-áirithítear soláthar SMS éigeandála saor in aisce.

Chomh maith leis an bhféidearthacht rochtain a fháil ar sheirbhísí éigeandála trí ghlao a chur ar '112', chuir 18 mBallstát[13] feidhmchláir náisiúnta nó réigiúnacha ar fáil do gach úsáideoir deiridh[14], lenar féidir cumarsáid éigeandála a dhéanamh. Leis an modh rochtana sin, ag brath ar a ndearadh, féadfaidh úsáideoirí deiridh faisnéis bhreise a roinnt leis an PSAP, faisnéis suímh ón sás láimhe a sholáthar nó cumarsáid téacsbhunaithe leis an PSAP a áirthiú. Dheimhnigh an Bheilg, an Chipir, an Ghearmáin agus an Pholainn go bhfuil an trácht sonraí a ghintear leis an bhfeidhmchlár éigeandála nialas-rátáithe.

Ba cheart ríomhghlaonna a thionscnaíonn ó ghluaisteáin atá ábalta glao éigeandála '112' a chur a ródú go leordhóthanach chuig an PSAP is oiriúnaí i gcás timpiste. Thuairiscigh 27 mBallstát agus an Iorua 421,000 ríomhghlao san iomlán.



Léaráid 3. Líon na nglaonna ríomhghlao a rinneadh san Aontas Eorpach

3. AGA FREAGARTHA[15]

Thuairiscigh 25 Bhallstát 10 soicind nó níos lú don mheán-aga freagartha is gá chun teagmháil a dhéanamh leis na seirbhísí éigeandála.

[10]Úsáidtear cumarsáid SMS i roinnt Ballstát go heisiach d'úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas, mar a léirítear i roinn 8.
[11]EE, EL, FI, HR, IE, IS, LT, LU, LV, SI, SK.
[12]AT, BE, CY, EE, EL, HR, HU, IE, LT, LU, LV, SI, SK.
[13]AT (réigiúnach), BE, CY, CZ, DK, FI, IT, LU, LV, MT, PL, RO, SE, SK.
[14]Úsáidtear cumarsáid feidhmchlár-bhunaithe i roinnt Ballstát go heisiach d'úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas, mar a léirítear i roinn 8.
[15]An t-am idir an nóiméad a chuirtear an glao éigeandála i láthair na lasca PSAP 88ú leibhéal agus an nóiméad a thugann oibreoir daonna PSAP freagra ar an nglao.



Léaráid 4. Meánlíon uaireanta freagartha do ghlaonna éigeandála (soicindí)

4. RÁTA UM THRÉIGEAN GLAONNA

Thuairiscigh 27 bhfreagróir[16] ar na glaonna a chuirtear i láthair na lasca PSAP ach a chríochnaitear sula dtugann oibreoir daonna freagra orthu. D'fhéadfadh fadhbanna líonra, plódú glaonna, lochtanna teicniúla, cumas láimhseála, dícheangal glaoiteoir (b'fhéidir trí dhearmad), etc a bheith ina gcúis le glaonna tréigthe. Cé nach bhfuil glaonna ainneonacha agus dícheangal glaoiteoirí faoi rialú oibreoirí córais PSAP, léirítear gurb é an mhainneachtain glaonna chuig '112' a fhreagairt agus a láimhseáil go sásúil sa chóras náisiúnta PSAP is cúis leis an easpa cumas láimhseála.



Léaráid 5. Céatadán na nglaonna tréigthe chuig uimhreacha éigeandála

Cé go mbíonn tionchar ag iompraíocht úsáideoirí deiridh agus ag fadhbanna líonra ar agaí freagartha agus rátaí tréigthe glaonna, tá eagrú agus cumais an chórais náisiúnta PSAP cinntitheach maidir le héifeachtacht na nglaonna éigeandála agus na cumarsáide éigeandála a láimhseáil trí bhealaí malartacha rochtana. Chun na forbairtí teicneolaíochta a threisiú, tá líonraí uile-IP de PSAPanna idirnasctha á n-úsáid i roinnt Bhallstáit AE chun éifeachtúlacht acmhainní a áirithiú agus, an rud is tábhachtaí, chun go láimhseálfar na glaonna éigeandála go léir ar bhealach éifeachtach.

[16]Níor thuairiscigh an Ostair na sonraí sin

5. INFHAIGHTEACHT SHUÍOMH AN GHLAOITEORA

Le hAirteagal 109 den EECC tá sé éigeantach go mbeidh an fhaisnéis gréasánbhunaithe faoin suíomh agus an fhaisnéis is cruinne faoin suíomh[17] ón sás láimhe, a bheith ar fáil don PSAP is iomchuí.

I bhformhór na mBallstát tuairiscithe[18], bíonn easpa infhaighteacht na faisnéise gréasánbhunaithe faoi shuíomh an ghlaoiteora i níos lú ná 3 % de na glaonna. Tuairiscíodh rátaí mainneachtana níos airde maidir le suíomh an ghlaoiteora a sholáthar san Ísiltír (3 %), san Eastóin (4 %), sa Phortaingéil (5 %), in Éirinn 5.5 %, san Iodáil (9.4 %), sa Spáinn (12.3 %), sa Chróit (13.8 %) agus sa Laitvia (21 %).

Tuairiscítear go bhfuil 14 Bhallstát[19] agus an Iorua, go háirithe i gcás ina n-úsáidtear an réiteach um Ardchóras Móibíleach Aimsiúcháin (AML)[20], ar infhaighteacht shuíomh an ghlaoiteora ón sás. Fiú nuair a dhéantar an córas náisiúnta PSAP a uasghrádú chun AML a fháil, ní bhaineann líon suntasach glaonna tairbhe as an suíomh an-chruinn sin. Chomh maith leis an úsáideoir deiridh a chuireann glao ar '112' a aimsiú, d'fhéadfadh na Ballstáit AML a chumasú do chineál SMS na cumarsáide éigeandála.

D'fhéadfadh úsáideoirí deiridh seirbhísí fánaíochta, agus cuairt á tabhairt acu ar Bhallstáit eile, a bheith i gcás níos leochailí i gcás éigeandála toisc go bhféadfadh sé nach mbeidís ábalta cur síos beacht a thabhairt ar a suíomh. Cé go n-úsáidtear AML i 22 Bhallstát, san Íoslainn agus san Iorua, níor dhearbhaigh ach 6 Bhallstát go bhfuil suíomh a fhaightear ón sás láimhe ar fáil d'úsáideoirí deiridh seirbhísí fánaíochta[21].

Baineann tairbhe le sciar ard na bhfón cliste ar an margadh gur féidir cumarsáid éigeandála níos éifeachtaí a dhéanamh trí infhaighteacht fhaisnéis chruinn faoi shuíomh an ghlaoiteora. Ceanglaítear leis an Rialachán[22] maidir le Fánaíocht go gcumasaítear rochtain ar sheirbhísí éigeandála trí leibhéal mórdhíola trédhearcachta idir comhpháirtithe fánaíochta, trí fhaisnéis theicniúil agus rialála a mhalartú chun soláthar cumarsáide éigeandála agus suíomh an ghlaoiteora do chustaiméirí fánaíochta a áirithiú.

6. CRUINNEAS AGUS IONTAOFACHT SHUÍOMH AN GHLAOITEORA

Le hAirteagal 109(6) CEEC ceanglaítear ar na Ballstáit critéir maidir le cruinnis agus iontaofacht a leagan síos maidir le faisnéis faoi shuíomh an ghlaoiteora. Thuairiscigh 18 mBallstát[23] agus an Iorua na critéir maidir le suíomh an ghlaoiteora a leagtar síos sa

[17]Cé go bhféadfadh difear idir 50 m go 40,000 a bheith i gcruinneas an tsuímh gréasánbhunaithe, soláthraíonn suíomh a fhaightear ón sás láimhe suíomh i bhfad níos cruinne suas go dtí 5 m.
[18]Tá sonraí ábhartha curtha ar fáil ag 18 mBallstát: CZ, BG, DK, EE, ES, FR, HR, HU, IE, IT, LT, LV, MT, NL, PT, RO, SE agus SI.
[19]Níl suíomh an ghlaoiteora a fhaightear ón sás láimhe ar fáil sna céatadáin seo a leanas: PT (1 %), HR (2 %), HU (2.9 %), SI (5 %), SE (20 %), DK (23.7 %), NO (30 %), RO (33.9 %), LT (38 %), MT (40.4 %), EE (46 %), IE (48 %), CZ (50 %), BG (68.2 %), IT (94.2 %)
[20]https://ec.europa.eu/digital-single-market/en/news/112-112-day-locating-emergency-calls-aml-technology-rise
[21]EL, FI, LU, RO agus go páirteach in BE agus SE
[22]Airteagal 3(6) de Rialachán (AE) 2022/612 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Aibreán 2022 maidir le fánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste laistigh den Aontas
[23]BE, BG, CY, CZ, DE, ES, HU, IT, LT, LV, MT, NL, PL, PT, RO, SE, SI, SK

reachtaíocht náisiúnta. Ina theannta sin, tá sé mar aidhm le Rialachán Tarmligthe 2019/320[24] tacú leis na cuspóirí beartais a leagtar síos i EECC trí shainordú a thabhairt do mhonaróirí fón cliste a áirithiú, amhail ón 17 Márta 2022, go gcuirfear sonraí ó Chórais Dhomhanda um Loingseoireacht Satailíte (GNSS), ar a laghad ó Galileo an Aontais Eorpaigh, agus sonraí ó Wi-Fi, ar fáil i gcumarsáid éigeandála. Cuidíonn sin leis an bhfón cliste a aimsiú, agus dá bhrí sin an duine a iompraíonn é a aimsiú, le cruinneas leordhóthanach éifeachtach.

Suíomh gréasánbhunaithe

I ngach Ballstát, agus san Iorua freisin, tugtar seoladh shuíomh an ghlaoiteora ó líonraí fostaithe tríd an seoladh suiteála nó seoladh sráide/postála/billeála an pháirtí a ghlaonn.

Thuairiscigh na Ballstáit go léir gur le haitheantas Cille/earnála a thugtar an suíomh do ghlaonna ó líonraí móibíleacha a sholáthraíonn iontaofacht ard na sonraí a tharchuirtear chuig an oibreoir PSAP. Tá an cruinneas tuairiscithe idir 500m agus 40km, ag brath ar dhéine an líonra, i.e. limistéar uirbeach nó limistéar tuaithe. Is iad na réitigh ghréasánbhunaithe ar líonra móibíleach níos cruinne a úsáidtear Luathú ama, am turais fillte nó ID na hEarnála. Leis na modhanna suímh sin cuirtear feabhas suntasach ar chruinneas an tsuímh gréasánbhunaithe suas go dtí 50m i roinnt cásanna.

Réitigh suímh a fhaightear ón sás láimhe

Maidir le réitigh suímh a fhaightear ón sás láimhe, thuairiscigh na Ballstáit dhá chineál cur chun feidhme, a ndéantar cur síos orthu thíos.

a) Réiteach um Ardchóras Móibíleach Aimsiúcháin (AML)

Le AML is féidir na leibhéil chruinnis a fheabhsú suas le 4000 uair, agus cruinneas faoi 100 m a sholáthar[25]. Ní dhéanann an réiteach neamhaird ar an fhaisnéis suímh an aitheantais cille arna soláthar ag an líonra, ach forlíonann sé é le faisnéis suímh GNSS nó Wi-Fi a fhaightear ón sás láimhe. Thuairiscigh 22 Bhallstát[26], an Íoslainn agus an Iorua úsáid AML ar a gcríoch.

b) Faisnéis faoin suíomh a fhaightear ón sás láimhe trí fheidhmchlár éigeandála

Le feidhmchláir éigeandála a úsáidtear ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach, is féidir faisnéis níos cruinne faoi shuíomh an ghlaoiteora a sholáthar, bunaithe ar chumas GNSS nó ar chumas Wi-Fi an fhóin chliste, ná mar a sholáthraítear trí réitigh ghréasánbhunaithe.

Leis na feidhmchlár sin, áfach, ní mór don saoránach gníomhú roimh ré – i gcomparáid le AML – toisc go gcaithfear iad a íoslódáil. Ní féidir sonraí suímh a tharchur ach amháin nuair a bhíonn nasc sonraí gníomhach ann.

Faoin Rialachán Tarmligthe a glacadh faoin 21 Nollaig 2022, molann an Coimisiún bearta ina leagtar amach na paraiméadair nach mór do na húdaráis rialála inniúla a chur san áireamh

[24]Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/320 ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2018 lena bhforlíontar Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm na gceanglas fíor-riachtanach dá dtagraítear in Airteagal 3(3)(g) den Treoir sin chun suíomh an ghlaoiteora le linn cumarsáid éigeandála ó ghléasanna móibíleacha a áirithiú, IO L 55, 25.2.2019, lgh. 1-3.

[25]https://ec.europa.eu/digital-single-market/en/news/112-112-day-locating-emergency-calls-aml-technology-rise

[26]BE, BG, CZ, DE, DK, EE, EL, ES, FI, FR, HR, HU, IE, IT, LT, LV, MT, NL, PT, RO, SE, SI

agus na critéir maidir le cruinneas agus iontaofacht na faisnéise faoi shuíomh an ghlaoiteora á leagan amach.

7. MEÁN-AM A THEASTAÍONN ÓN OIBREOIR 112 CHUN SUÍOMH AN GHLAOITEORA A FHÁIL

Mar gheall ar chur chun feidhme an chórais 'brúigh' nó an chórais uathoibríoch 'tarraing' tuairiscíodh na Ballstáit go léir amanna beagnach láithreach (suas go dtí 10 soicind) maidir le *suíomh gréasánbhunaithe an ghlaoiteora* sholáthar.

Mar gheall ar a ailtireacht bhunúsach, braitheann teicneolaíochtaí *suímh a fhaightear ón sás láimhe* ar luas na dtacar láimhe chun paraiméadair suímh ábhartha a fháil ó chomharthaí GNSS nó Wi-Fi. Ar bhonn na dtuarascálacha ó 15 Bhallstát, deimhníodh go bhféadfadh raon a bheith ag suíomh a fhaightear ón sás láimhe idir beagnach láithreach do suas le 26 shoicind.

Faoi Airteagal 109(6) EECC tá sé de fhreagracht ar na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear faisnéis faoi shuíomh an ghlaoiteora, idir faisnéis ghréasánbhunaithe agus faisnéis a fhaighter ón sás láimhe, ar fáil don PSAP is iomchuí gan mhoill. Faoin Rialachán Tarmligthe a glacadh faoin 21 Nollaig 2022, molann an Coimisiún bearta lena n-áirithítear ródú éifeachtach sonraí comhthéacsúla, lena n-áirítear faisnéis faoi shuíomh an ghlaoiteora.

8. ROCHTAIN AR SHEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA LE LINN FÁNAÍOCHTA SAN AONTAS

Thuairiscigh na Ballstáit uile infhaighteachta na rochtana ar '112' agus ar fhaisnéis faoi shuíomh an ghlaoiteora gréasánbhunaitheli gcás glaonna fánaíochta.

Thug 11 Bhallstát[27] faisnéis faoi líon na nglaonna a rinne úsádeoirí deiridh seirbhísí fánaíochta chuig '112'. Is ionann na Ballstáit sin agus an tríú cuid de na glaonna éigeandála ar '112'. Ar bhonn sonraí den sórt sin, d'fhéadfaí a eachtarshuíomh go gcuireann úsáideoirí deiridh fánaíochta 1,06 % de na glaonna go léir chuig '112', thart ar 1.5 milliún glao chuig '112' san Aontas. Meastar go ndearna úsáideoirí deiridh seirbhísí fánaíochta 800,000 glao ar uimhreacha éigeandála náisiúnta, áit a bhfuil siad sin á n-úsáid. Dá bhrí sin, léirítear i measachán comhdhlúite go ndearna úsáideoirí deiridh seirbhísí fánaíochta 2.3 milliún glao éigeandála san iomlán sa tréimhse tuairiscithe.

Deimhnítear sna na sonraí atá ar fáil nach mbaineann úsáideoirí deiridh seirbhísí fánaíochta tairbhe saor in aisce as suíomh a fhaightear ón sás láimhe, mar a mhínítear i roinn 4. Níor dhearbhaigh ach 6 Bhallstát go bhfuil suíomh a fhaightear ón sás láimhe ar fáil d'úsáideoirí deiridh seirbhísí fánaíochta. Áiritheofar leis an Rialachán[28] maidir le Fánaíocht go gcuirfear, le bunachar sonraí BEREC maidir leis na modhanna rochtana ar sheirbhísí éigeandála, oibreoirí agus údaráis rialála náisiúnta ar an eolasagus, i gcás inarb infheidhme, údaráis inniúla eile, maidir leis na modhanna rochtana ar sheirbhísí éigeandála atá sainordaithe i ngach Ballstát agus atá indéanta go teicniúil lena n-úsáid ag custaiméirí seirbhísí fánaíochta.

[27]LU, HR, MT, SI, SE, CY, EE, CZ, RO, IT, BG.

[28]Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2022/612 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Aibreán 2022 maidir le fánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí cumarsáide móibílí laistigh den Aontas

9. ROCHTAIN AR SHEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA D'ÚSÁIDEOIRÍ DEIRIDH FAOI MHÍCHUMAS

De bhun Airteagal 109(5) CEEC, tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit a áirithiú go mbainfidh úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas tairbhe as rochtain ar sheirbhísí éigeandála atá coibhéiseach leis an rochtain a thugtar d'úsáideoirí deiridh eile. Leis na réitigh inrochtaineachta arna gcur chun feidhme ba cheart go n-athchruthófaí (bheith coibhéiseach le) cumarsáid ghutha dhá threo a áirithítear i gcás glao chuig '112', lena n-áirítear i bhfánaíocht. De bhua coibhéise, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú freisin go mbeidh suíomh an ghlaoiteora ar fáil don PSAP is iomchuí ionas go mbeidh na seirbhísí éigeandála ábalta idirghabháil a dhéanamh go héifeachtach.

Chun an oibleagáid sin a chomhlíonadh, tá leas á bhaint ag na Ballstáit as réimse leathan réiteach inrochtaineachta atá tiomnaithe d'úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas, lena n-áirítear téacs fíor-ama, comhrá iomlán[29], SMS, feidhmchláir éigeandála, seirbhísí gréasáin, seirbhísí athsheachadta, rochtain ó ghléasanna speisialta, ríomhphost nó facs.

Is é SMS an teicneolaíocht is mó a úsáidtear, rud a áirithíonn idirghníomhaíocht téacsbhunaithe dhá bhealach idir an duine a dhéanamh teagmháil leis na seirbhísí éigeandála agus an PSAP. Tá SMS ar fáil d'úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas i 22 Bhallstát[30] agus san Iorua.

Úsáidtear feidhmchláir éigeandála i 19 mBallstát[31]. Ag brath ar an dearadh, d'fhéadfaidís brath ar ghlaonna éigeandála nó cumarsáid SMS a thionscnamh, ach féadfaidh siad a bheith ina n-ardán freisin chun cumarsáid téacs agus comhrá iomlán fíor-ama a sholáthar. Ina theannta sin, d'fhéadfadh feidhmchláir suíomh cruinn a fhaightear ón sás láimhe a sholáthar bunaithe ar shonraí suite GNSS/Wi-Fi (5 -100m).

D'fhéadfadh seirbhísí athsheachadta d'úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas cumarsáid a athsheachadadh freisin chun rochtain a fháil ar sheirbhísí éigeandála. Ní suíomh an úsáideora ar an modh rochtana sin ar fáil i bhformhór na gcásanna sna Ballstáit faoi láthair.

Cé go bhfuil facs agus r-phost fós ar fáil mar bhealach le rochtain a fháil ar sheirbhísí éigeandála i roinnt Ballstát, is ar éigean is féidir a rá go bhfuil siad coibhéiseach. Ní áirithítear leo an chumarsáid mhear dhá threo a theastaíonn i gcás éigeandála, i gcodarsnacht le héifeachtacht an ghlao '112'. Ina theannta sin, ní éascaítear suíomh úsáideora a sholáthar go huathoibríoch don PSAP le ríomhphost.

Ceanglaítear le hAirteagal 109(5) de EECC go mbeidh bearta d'úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas i gcomhréir le dlí an Aontais lena gcomhchuibhítear na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí[32], lena bhféachfar le hidir-inoibritheacht a áirithiú ar fud na mBallstát, agus, i gcás inar féidir, lena seachnófar réamhchlárú chun rochtain a fháil ar sheirbhísí éigeandála trí mhodhanna malartacha cumarsáide éigeandála. Ina

[29]Mar atá sainmhínithe in Airteagal 2 EECC: (35) ciallaíonn 'seirbhís comhrá iomláin' seirbhís ilmheán le haghaidh comhrá fíor-ama lena n-aistrítear físeán, téacs fíor-ama agus guth go siméadrach déthreoch idir úsáideoirí in dhá shuíomh nó níos mó i bhfíor-am.
[30]AT, BE, CY, CZ, DK, EE, EL, FI, FR, HR, HU, IE, LT, LU, LV, MT, NL, PT, RO, SE, SI, SK.
[31]AT, BE, BG, CY, CZ, DE, DK, ES, FR, HU, IT, LT, LU, LV, MT, NL, PL, PT, SK.
[32]An Ionstraim Eorpach Inrochtaineachta (EAA), Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (IO L 151, 7.6.2019, lch. 70).

theannta sin, ceanglaítear leis an Ionstraim Eorpach Inrochtaineachta (EAA), go mbeidh cumarsáid éigeandála, sa bhreis ar ghuth, ar fáil trí théacs fíor-ama nó, sa chás go bhfuil físeán ar fáil, go ndéantar é a shioncrónú mar chomhrá iomlán[33]. Cé gur cheart na forálacha ábhartha a bheith i bhfeidhm cheana féin[34], beidh ar chórais náisiúnta PSAP na ceanglais sin a chomhlíonadh[35] faoin 28 Meitheamh 2025 nó de mhaolú faoin 28 Meitheamh 2027.

Sa bhreis air sin, i gcomhréir le hAirteagal 109(7) EECC, áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar dóthain faisnéise d'úsáideoirí deiridh faoin uimhir aonair éigeandála Eorpach '112' a bheith ann agus faoi úsáid na huimhreach sin, agus faoi na gnéithe inrochtaineachta a ghabhann léi, lena n-áirítear trí thionscnaimh lena ndírítear go sonrach ar dhaoine atá ag taisteal idir na Ballstáit, agus ar dhaoine faoi mhíchumas.

Ceanglaítear le hAirteagal 109(5) de EECC go mbeidh rochtain ar sheirbhísí éigeandála ar fáil, nuair is indéanta gan réamhchlárú. I gcás feidhmchláir éigeandála náisiúnta a fhreastalaíonn ar úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas, chiallódh sé sin go bhféadfaí an feidhmchlár baile a úsáid i mBallstát AE a bhfuil cuairt á tabhairt air chun rochtain a fháil ar sheirbhísí éigeandála[36].

Áiritheofar leis an Rialachán[37] maidir le Fánaíocht go gcuirfidh soláthraithe seirbhísí fánaíochta custaiméirí seirbhísí fánaíochta ar an eolas maidir le bealaí malartacha rochtana ar sheirbhísí éigeandála trí chumarsáid éigeandála arna sainordú sa Bhallstát a bhfuil cuairt á tabhairt air. Sa chleachtas, gheobhaidh úsáideoirí deiridh teachtaireacht uathoibríoch ina mbeidh nasc chuig rochtain, saor in aisce, ar leathanach gréasáin tiomnaithe a mbeidh rochtain ag daoine faoi mhíchumas air, ina gcuirfear an fhaisnéis sin ar fáil.

Níl córais PSAP oidhreachta ábalta cumarsáid éigeandála atá fíor-inrochtana d'úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas a láimhseáil agus a phróiseáil go fóill. Le húsáid an téacs úrscothaigh fíor-ama agus an chomhrá iomláin, is gá uasghrádú a dhéanamh ar an gcóras PSAP go líonra PSAP idirnasctha uile-IP a d'fhéadfadh cumarsáid éigeandála bunaithe ar IP a dhéanamh agus a phróiseáil go leordhóthanach.

Faoin Rialachán Tarmligthe a glacadh faoin 21 Nollaig 2022, molann an Coimisiún ceanglais maidir le coibhéis fheidhmiúil a bhunú le haghaidh cumarsáid éigeandála a úsáidfidh úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas chun rochtain a fháil ar sheirbhísí éigeandála.

Tá forléargas ar na modhanna malartacha rochtana d'úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas a úsáidtear san Aontas faoi láthair ar fáil san Iarscríbhinn.

10. CONCLÚIDÍ

Le breis agus 30 bliain anuas[38], bhí saoránaigh an Aontais ag brath ar rochtain ar sheirbhísí éigeandála agus an uimhir aonair éigeandála Eorpach '112' á húsáid acu. Ba cheart go

[33]EAA Airteagal 4(1) agus Iarscríbhinn I, Roinn IV, pointe (a).
[34]Ceanglaíodh ar na Ballstáit an EAA a thrasuí faoin 28 Meitheamh 2022.
[35]EAA Airteagal 4(8) agus Iarscríbhinn I, Roinn V.
[36]https://www.etsi.org/deliver/etsi_ts/103400_103499/103478/01.01.01_60/ts_103478v010101p.pdf
[37]Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2022/612 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Aibreán 2022 maidir le fánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí cumarsáide móibílí laistigh den Aontas
[38]91/396/CEE: Cinneadh ón gComhairle an 29 Iúil 1991 maidir le huimhir éigeandála aonair Eorpach a thabhairt isteach, IO L 217, 6.8.1991.

mbeadh siad ábalta é sin a dhéanamh sa domhan digiteach fós. Ba cheart go mbainfeadh saoránaigh tairbhe as faisnéis chomhthéacsúil chuimsitheach agus thráthúil a sheachadadh chun aghaidh a thabhairt ar chás éigeandála. Leis an ardleibhéal nascachta ar a ndíríonn aistriú digiteach na hEorpa, mar a léirítear sa Chinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [… le tabhairt cothrom le dáta] lena mbunaítear an Chonair i dtreo na Deacáide Digití 2030,tá ascnamh teicneolaíoch á thabhairt isteach i dteicneolaíochtaí uile-IP na seirbhísí cumarsáide leictreonaí a úsáideann saoránaigh, go háirithe daoine faoi mhíchumas. Spreagtar leis an aistriú ó theicneolaíochtaí ciorcadlasctha go teicneolaíochtaí paicéadlasctha i líonraí cumarsáide leictreonaí úsáid seirbhísí gutha trí Fhochóras Ilmheán IP atá bunaithe ar theicneolaíochtaí VoIP fostaithe agus móibíleacha arna mbainistiú amhail Éabhlóid Fhadtéarmach Ghuthaithe (VoLTE), Ráidió Nua Guthaithe (VoNR in 5G) agus Wi-Fi Guthaithe (VoWiFi). Cumasaíonn teicneolaíochtaí paicéadlasctha seirbhísí téacs agus físeánbhunaithe amhail téacs físor-ama agus seirbhísí comhrá iomláin. Ní féidir leis na líonraí oidhreachta ciorcadlasctha, ar nós líonraí 2G agus 3G atá á ndíchoimisiúnú, tacú leis na seirbhísí cumarsáide sin bunaithe ar IP. Dá bhrí sin, tá gá le cumarsáid éigeandála a ascnamh go teicneolaíochtaí paicéadlasctha freisin. Léirítear sa tuarascáil sin go bhfuil ról tábhachtach ag láimhseáil cumarsáide éigeandála, ag infhaighteacht faisnéise cruinne faoi shuíomh an ghlaoiteora, ag infhaighteacht bealaí coibhéiseacha rochtana d'úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas agus ag rochtain d'úsáideoirí deiridh seirbhísí fánachta maidir le héifeachtacht agus luas na gníomhaíochta faoisimh a úsáideann seirbhísí éigeandála. Ní fhéadfaí acmhainneacht na dteicneolaíochtaí digiteacha a bhaint amach go hiomlán ach amháin más féidir leis na seirbhísí cumarsáide éigeandála agus na córais náisiúnta PSAP na forbairtí teicneolaíochta a threisiú.

Má bhogtar chuig cumarsáid uile-IP beidh treiseofar an deis feidhmchláir a úsáid, rud a chuirfidh ar a gcumas modhanna éagsúla cumarsáide gutha, téacs agus físe a úsáid agus faisnéis chomhthéacsúil ábhartha a chur ar fáil do PSAPanna. Cé go bhfuil roinnt feidhmchláir náisiúnta nó réigiúnacha den chineál sin ann cheana féin, níl siad idir-inoibritheach le PSAPanna na tíre/an réigiúin a bhfuil cuairt á tabhairt uirthi/air i ndálaí fánaíochta. Amach anseo, leis an gcomhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún – mar a mholtar faoin Rialachán Tarmligthe arna ghlacadh faoin 21 Nollaig 2022 - d'fhéadfaí idir-inoibritheacht feidhmchlár éigeandála a éascú a mbeadh a n-infhaighteacht ar fud an Aontais cosúil le Deimhniú Digiteach COVID AE a úsáideadh trí thairseach AE a bhunú d'idirnascacht na gcóras náisiúnta mar thoradh air[39].

Na príomhthorthaí:

- B'ionann sciar na nglaonna éigeandála ar an uimhir aonair éigeandála Eorpach '112' agus 56 % de na glaonna éigeandála go léir: as 270 milliún glao ar an iomlán a rinneadh san Aontas, b'ionann 153 milliún díobh agus glaonna '112'. Meastar gurb iad úsáideoirí deiridh seirbhísí fánaíochta a rinne 2.3 milliún glao éigeandála, agus ba ghlaonna '112' iad 1.5 milliún díobh sin.

- Leanadh le feabhas ar chur chun feidhme shuíomh an ghlaoiteora a fhaightear ón sás láimhe san Aontas Eorpach. Amhail Meán Fómhair 2022, áirithíonn 22 Bhallstát, an Íoslainn agus an Iorua go bhfuil a gcóras PSAP AML-chumasaithe. Níor dhearbhaigh

[39]https://joinup.ec.europa.eu/collection/open-source-observatory-osor/news/eu-gateway-eu-digital-covid-certificate

ach 6 Bhallstát go bhfuil suíomh a fhaightear ón sás láimhe ar fáil d'úsáideoirí deiridh seirbhísí fánaíochta, áfach. De bharr teorainneacha dlínse agus easpa cumas faireacháin, ní féidir leis na Ballstáit a bhfuil cuairt á tabhairt orthu a áirithiú go bhfuil suíomh an ghlaoiteora á tharchur saor in aisce don úsáideoir deiridh. Is é is aidhm leis an Rialachán[40] athbhreithnithe maidir le Fánaíocht a áirithiú go mbainfidh gach úsáideoir deiridh fánaíochta leas as suíomh cruinn glaoiteora, saor in aisce.

- Ní bhaineann bhaineann úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas leas as an modh rochtana lánchoibhéise ar sheirbhísí éigeandála, go háirithe nuair a bhíonn siad ag fánaíocht. Nuair nach féidir leis na húsáideoirí deiridh sin glao a chur ar '112', ní mór dóibh brath ar réitigh atá ilroinnte go náisiúnta. Tagann an staid sin salach ar infhaighteacht na huimhreach aonair éigeandála Eorpaí comhchuibhithe '112' d'úsáideoirí deiridh eile agus is folús suntasach é in inrochtaineacht na seirbhísí éigeandála. Leis an Rialachán athbhreithnithe maidir le Fánaíocht, áirithítear go gcuirfear gach úsáideoir deiridh seirbhísí fánaíochta, lena n-áirítear úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas, ar an eolas maidir leis na bealaí malartacha rochtana ar sheirbhísí éigeandála sa Bhallstát a bhfuil cuairt á tabhairt air.

Gníomhaíochtaí agus garspriocanna amach anseo:

- Ní mór do na Ballstáit na bearta is gá a thrasuí agus a chur chun feidhme chun ceanglais an EECC a chomhlíonadh, agus go háirithe Airteagal 109 maidir le cumarsáid éigeandála agus an uimhir aonair éigeandála Eorpach. Ba cheart go mbeadh gach úsáideoir deiridh, lena n-áirítear úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas, is cuma cén áit san Aontas Eorpach, ábalta cabhair a iarraidh agus a fháil go héifeachtach ó na seirbhísí éigeandála.

- Chun rochtain éifeachtach ar sheirbhísí éigeandála a áirithiú trí chumarsáid éigeandála chuig an uimhir aonair éigeandála Eorpach '112', mhol an Coimisiún Rialachán Tarmligthe faoin 21 Nollaig 2022 de bhun an tsainordaithe a thugtar in Airteagal 109(8) CEEC. Is é is aidhm leis an Rialachán Tarmligthe éifeachtacht na cumarsáide éigeandála a fheabhsú trí na bearta seo a leanas a fhorchur:

    - Leagtar amach ann na paraiméadair nach mór do na húdaráis rialála inniúla a chur san áireamh agus na critéir maidir le cruinneas agus iontaofacht fhaisnéis shuíomh an ghlaoiteora á socrú acu;

    - Bunaítear leis ceanglais maidir le coibhéis fheidhmiúil maidir le cumarsáid éigeandála a úsáidfidh úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas chun rochtain a fháil ar sheirbhísí éigeandála;

    - Leagtar amach ann na riachtanais maidir le ródú éifeachtach;

    - Lena áirithiú go mbeidh rochtain gan uaim ar fud an Aontais indéanta go teicniúil, iarrtar sa Rialachán ar na Ballstáit comhoibriú leis an gCoimisiún chun ceanglais choiteanna maidir le hidir-inoibritheacht a shainaithint, rud a

[40]Airteagal 3(6) de Rialachán (AE) 2022/612 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Aibreán 2022 maidir le fánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste laistigh den Aontas

éascódh cumarsáid éigeandála bunaithe ar fheidhmchláir mhóibíleacha a ródú chuig an PSAP is iomchuí agus iad ag fánaíocht;

- Chun rochtain ar sheirbhísí éigeandála a áirithiú trí chumarsáid éigeandála chuig an PSAP is iomchuí i gcomhthéacs an ascnaimh theicneolaíoch chuig líonraí uile-IP, ceanglaítear leis an Rialachán ar na Ballstáit treochlár a dhréachtú agus a sheoladh chuig an gCoimisiún chun an córas náisiúnta PSAP a uasghrádú chun go mbeidh sé ábalta cumarsáid éigeandála a ghlacadh, a fhreagairt agus a phróiseáil trí theicneolaíocht phaicéadlasctha;

- Ceanglaítear leis ar na Ballstáit faisnéis nuashonraithe a thuairisciú agus a sholáthar don Choimisiún maidir leis na hoibleagáidí atá bunaithe sa Rialachán.

IARSCRÍBHINN – BEALAÍ MALARTACHA ROCHTANA AR SHEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA I MBALLSTÁIT AE AGUS I DTÍORTHA LEE

	Tá an ghné ar fáil
	Níl an ghné ar fáil

	Modh rochtana	Idirghníomhach	Suíomh an ghlaoiteora	Gan chlárúchán	Saor	Rochtain fánaíocht a	Fánaíocht saor in aisce	Uimhir na rochtana
AT	SMS chuig uimhir fhada							173
	Facs chuig an uimhir fhada							
	Ríomhphost							
	Cur i bhFeidhm							241
BE	SMS chuig uimhir ghairid							N/B
	Feidhmchlár (112.be)							N/B
	Facs chuig 112 nó 101							N/B
BG	Feidhmchlár (112 an Bhulgáir)							11
	Seirbhís ghréasánbhunaithe							
CY	SMS chuig 112							697
	RTT (thar fheidhmchlár 112 na Cipire)							15
CZ	SMS chuig 112							255
	Feidhmchlár (zachranka)							N/B
	Rochtain éigeandála ghréasánbhunaithe							N/B
	Seirbhís ghinearálta athsheachadta inrochtaineachta							N/B
	Seirbhís speisialaithe athsheachadta éigeandála							N/B
	Gléasanna speisialaithe ó shuíomhanna seasta							0
	Gléasanna speisialaithe móibíleacha							0
	R-phost							N/B
	Facs chuig an uimhir fhada							N/B
	Eile							N/B
DE	Facs chuig 112							N/B
	Cur i bhFeidhm							4.597*
	Seirbhís ghinearálta athsheachadta							N/B
	Seirbhís speisialaithe athsheachadta							650

	Modh rochtana	Idirghníomhach	Suíomh an ghlaoiteora	Gan chlárúchán	Saor	Rochtain fánaíochta	Fánaíocht saor in aisce	Uimhir na rochtana
DK	SMS chuig uimhir fhada							N/B
	Seirbhís ghinearálta athsheachadta inrochtaineachta							N/B
	Feidhmchlár éigeandála							N/B
EE	SMS chuig 112							891
EL	SMS chuig 112							N/B
	R-phost							N/B
	Facs chuig an uimhir ghairid							N/B
ES	SMS réigiúnach chuig uimhreacha fada							451
	Seirbhís speisialaithe athsheachadta éigeandála (físghlao)							200
	Seirbhísí speisialaithe athsheachadta éigeandála réigiúnacha (glao chuig saorghlao + SMS/comhrá)							350
	Seirbhís speisialaithe athsheachadta éigeandála réigiúnach (glao chuig 112 + SMS/comhrá)							2.000
	Gléasanna speisialaithe réigiúnacha ó shuíomh seasta							N/B
	Cur i bhFeidhm							200
FI	SMS chuig 112							4.520
FR	SMS chuig 114							13.000
	Facs chuig 114							N/B
	R-phost							N/B
	Cur i bhFeidhm							N/B
	Rochtain éigeandála ghréasánbhunaithe							N/B
	RTT mar sheirbhís líonra (www.info.urgence114.fr)							N/B
	RTT mar sheirbhís feidhmchláir (www.info.urgence114.fr)							N/B
	Seirbhís speisialaithe athsheachadta éigeandála							N/B
	Gléasanna speisialaithe ó shuíomhanna seasta (114)							N/B
HR	SMS chuig 112							14
	Facs chuig 112							0
HU	SMS chuig 112							20.523

	Modh rochtana	Idirghníomhach	Suíomh an ghlaoiteora	Gan chlárúchán	Saor	Rochtain fánaíochta	Fánaíocht saor in aisce	Uimhir na rochtana
	Feidhmchlár (112-SOS)							
IE	SMS chuig 112							1.279
	Seirbhís speisialaithe athsheachadta éigeandála							0
	Seirbhís ghinearálta athsheachadta inrochtaineachta							0
IT	Feidhmchlár (Bratach Mii)							N/B
	Feidhmchlár (Where ARE U)							N/B
	Seirbhís speisialaithe athsheachadta éigeandála							350
LT	SMS chuig 112							36.630
	Feidhmchlár (feidhmchlár 112)							157
LU	SMS chuig 112 agus 113							N/B
	Feidhmchlár (GouvAlert, Echo 112)							N/B
	Gléasanna speisialaithe fostaithe							N/B
	Ríomhphost							N/B
	Facs chuig 112							N/B
LV	SMS chuig 112							5.965
	Feidhmchlár éigeandála							N/B
MT	SMS chuig uimhir fhada							6
	Feidhmchlár 112.mt							228
	Seirbhís ghréasáin 112.mt							
	RTT thar líonra (uimhir fhada)							
	RTT thar fheidhmchlár							
	Tuairiscigh trí 112.mt							
NL	RTT thar fheidhmchlár (112NL)							N/B
	Rochtain éigeandála ghréasánbhunaithe							N/B
	SMS chuig 112							N/B
	Seirbhís speisialaithe athsheachadta éigeandála							N/B
	Seirbhís ghinearálta athsheachadta inrochtaineachta							N/B
PL	Feidhmchlár (Alarm 112)							1.475
PT	SMS chuig uimhir fhada							N/B
	Feidhmchlár éigeandála							38
RO	SMS chuig 113							51

	Modh rochtana	Idirghníomhach	Suíomh an ghlaoiteora	Gan chlárúchán	Saor	Rochtain fánaíochta	Fánaíocht saor in aisce	Uimhir na rochtana
SE	SMS chuig 112							112
	gléasanna speisialaithe fostaithe							0
	Seirbhís ghinearálta athsheachadta							792
SI	SMS chuig 112							36.739
	Rochtain éigeandála ghréasánbhunaithe							N/B
SK	SMS chuig 112							N/B
	Feidhmchlár (155.sk)							31
NO	SMS 112							N/B

*ó 28.09.2021